

# CÚPLA

## Ógie Ó Céilleachair



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An Chéad Chló 2011  
© Cló Iar-Chonnacht Teo. 2011

ISBN 978-1-905560-76-9

**Dearadh clúdaigh:** Creative Laundry  
**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as  
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh,  
a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, b'íodh sin leictre-  
onach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a  
fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
**Teil:** 091-593251/593157

## I

“**A** Thiarna an domhain,” arsa Máiréad Uí Bhraonáin. “Cad atá tar éis tarlú in aon chor?”

Ag trácht ar a beirt iníon a bhí an mháthair bhocht. Bhí Máiréad ina suí ag bord na cistine ina teach amuigh faoin tuath, díreach deich nóiméad ón gcathair. Bhí sí ag féachaint amach an fhuinneog ar Éile.

“Ní fios cá bhfuil an ceann eile,” arsa Mam léi féin.

Cúpla ba ea Éile agus Sharon. Ba iad an t-aon bheirt a bhí sa chlann ag Máiréad agus Timmy Ó Braonáin. Ní raibh siad ag súil le cúpla. Theastaigh páiste aonair uathu tar éis dóibh pósadh, agus ansin i gceann cúpla bliain, bheadh páiste eile acu. Ní mar a shíltear a bhítear, áfach, agus saolaíodh an bheirt chlainne dóibh an 11 Meán Fómhair cúig bliana déag ó shin. Bhí áthas ar na tuismitheoirí nua.

Bhí Bean Uí Bhraonáin buartha faoi Sharon. Ní raibh ag éirí go maith idir í agus a deirfiúr ná le hÉile sa chlann. Bhí sí an-ghrána le hÉile bhocht le

déanaí. Cailín álainn ab ea Éile, agus gach uair a tháinig tuairisc ón scoil bhí “A” ar gach líne. Ní hin mar a bhí i gcás Sharon, áfach.

“N’fheadar an í sin an chúis,” arsa Máiréad léi féin agus í ag faire amach ar a hiníon. Bhuail fón a bhí fágtha in airde ar leac na fuinneoige. Bhí sí róghafa lena cuid smaointe chun an fón a sheiceáil.

Bhí Éile amuigh sa pháirc a bhí in aice an ghairdín. Bhí capall sa pháirc sin. Bhí Éile craiceálta i ndiaidh capall. Níor leis an gclann an capall, ach gach lá tar éis na scoile théadh sí amach go dtí Charlie, mar a thug sí air, agus thug sí roinnt tuí dó. D’fhanadh sí ann ar feadh tamaill mhaith ag insint nuacht an lae dó. Bhí sí gafa leis an gcispheil ar feadh roinnt den bhliain ach ba chuma léi mar bhí grá mór aici don chispheil. Bhuail sí le roinnt mhaith daoine agus í ag taisteal le foireann na scoile. Bhí suim ag Éile sa cheol freisin. Ceol Gaelach nó ceol clasaiceach a rogha ceoil. Ní raibh sí in ann aon uirlis a sheinm, ach veidhleadóir iontach ab ea a cara Charlotte. Ghlac an bheirt acu páirt sa chóir mar aon le roinnt dá gcairde.

Cailín éagsúil amach is amach ab ea Sharon. Ní raibh sí chomh ceanúil ar ainmhithe is a bhí Éile. B’fhuath léi iad i ndáiríre. Bhí Sharon craiceálta i ndiaidh éadaí, bróga, smideadh – aon rud go raibh baint aige le faisean. Nuair a bhí airgead póca aici, cheannaigh sí na hirisí faiseanta go léir. Ní dhéanfadh

aon smideadh eile í ach Mac, Dior agus a leithéidí sin. Bhain Sharon an-úsáid as a iPod. Bhí sé lán le ceol *R&B*, *hip-hop* agus *rap*.

D'fhreastail an bheirt acu ar scoil lánchailíní, ach ag am lóin bhí cead acu gabháil síos an baile. Bhí na buachaillí craiceálta i ndiaidh Sharon ach níor chuireadar aon suim in Éile. Níor chaith Éile aon smideadh. Bhí sí cairdiúil le cailíní go raibh suim acu in Eolaíocht, Mata agus léitheoireacht. Ar an lámh eile, áfach, bhí Sharon cairdiúil le cailíní go raibh suim acu i mbuachaillí, buachaillí agus a thuilleadh buachaillí.

Bhí athair na gcailíní ag múineadh i Scoil na mBráithre sa bhaile céanna agus ba é a bhí mar thraenálaí ar an bhfoireann iománaíochta. “Timmy Tíogair” an leasainm a bhí air toisc gur imroir fíochmhar ab ea é nuair a d’imir sé iománaíocht le foireann an chontae. Gach lá tar éis na scoile théadh na cailíní chun bualadh leis ag Scoil na mBráithre chun síob abhaile a fháil. Na laethanta a raibh traenáil ar siúl, shuigh Sharon in aice na páirce agus í ag stánadh ar chosa na mbuachaillí. Fad is a bhí seo ar bun bhíodh Éile ag déanamh a cuid obair bhaile agus, dá mbeadh an t-am aici, dhéanfadh sí beagán staidéir.

Bhí na smaointe seo ag rith trí cheann Mháiréad agus í ina suí ag bord na cistine. D’oscail an doras agus shiúil a fear céile isteach. D’fhéach sé ar a bhean

agus d'fhéach sise air. Chas sé a dhroim. Shín sé a lámh suas go leac na fuinneoige chun a fhón a fháil. D'fhan Máiréad ag stánadh amach an fhuinneog.

“A Thiarna an domhain,” a dúirt sí arís. “Cad atá tar éis tarlú in aon chor?”

## II

“Charlie. Charlie. Tar anseo, a stór.”  
Chuir Éile a lámh ina póca agus rug sí greim ar roinnt cnapán siúcra. D’fhéach an capall timpeall agus d’ardaigh sé a eireaball. Rinne sé bogshodar sall go dtí an déagóir.

“Anois seo dhuit, a chroí,” ar sise leis.

Thaitin Charlie go mór léi agus thaitin a cuideachta leis-sean. D’ith sé an siúcra go blasta agus thosaigh an cailín ag cuimilt a mhuiníl.

“Ó, n’fheadar in aon chor,” ar sí. “Níl a fhios agam cad atá tar éis tarlú do Sharon.”

Bhí an-chosúlacht idir an cúpla ar feadh roinnt blianta. Nuair a bhí siad sa chéad bhliain ar scoil b’annamh a d’aithin na múinteoirí iad óna chéile. Beirt chailín téagartha ba ea iad. Fráma ard acu le gruaig fhada dhonn. Súile gorma a bhí ag an mbeirt acu agus roinnt bricíní gréine scaipthe ar a ngrua. Nuair a bhí siad gléasta san éide scoile mheaitseáil a gcuid súl leis an ngeansaí gorm éadrom, an léine bhán le stríocaí gorma agus an sciorta dúghorm. Anois, áfach, bhí sé éasca iad a aithint óna chéile. Rinne dath gruaige agus smideadh mórán difríochta.

Ní raibh Sharon ródheas le hÉile le cúpla mí anuas. Nuair a thosaigh siad ar an meánscoil bhí an-chairdeas eatarthu, ach tar éis tamaill thosaigh Sharon ag crochadh timpeall le roinnt cailíní ón mbaile mór. Thaispeáin siad seo di conas smideadh a phéinteáil uirthi i gceart agus conas an ghruaig a stracadh amach as a cosa le céir. Thug siad comhairle di maidir leis an mbranda donnú bréige is fearr. Tar éis tamaill ní dhéanfadh aon siopa eile cúis ach BTs. D’inis Éile na scéalta seo do Charlie gach tráthnóna tar éis na scoile, agus sheas an capall caol díreach ag éisteacht. Chrom sé a cheann le drochnuacht agus d’ardaigh é le dea-scéal. Uaireanta cheap Éile gur ag tabhairt comhairle di a bhí sé fiú.

Ní raibh mórán ama caite aici ag caint nuair a réab fothram millteach tríd an aer. Cheap Éile gur torann é a chloisfí i scannán cogaidh. Inneall éigin a bhí i gceist de réir dealraimh agus bhí sé ag éirí níos glóraí is níos glóraí. D’fhéach an cailín amach thar an glaí agus leis sin thosaigh Charlie ag pocléim timpeall na háite.

“Cad sa diabhal atá ag déanamh an torainn sin?” arsa Éile léi féin.

D’fhéach sí amach thar an glaí arís agus ní fada gur imigh carr thairsti.

“Ó, Jack de Grás, amadán,” a dúirt sí.

Ní raibh aon rud ní ba mhó ar domhan a chuir isteach ar Éile ná na spraoi-thiománaithe sna carranna



spóirt. Bhí an ghráin dhearg aici ar Jack mar gur sciorr sé timpeall na háite sa Honda Civic beag le ceol ard *techno* á sheinm aige agus gan aird aige ar aon rud seachas é féin. Nuair a bhí sí sa bhunscoil bhí Jack cúpla rang chun cinn uirthi. Bhí sé de shíor ag magadh faoi dhaoine agus ag tabhairt léasadh do bhuachaillí ní b'óige. D'imigh an carr síos an bóthar agus stad sé.

“Stail asail,” arsa sí arís. Rinne Charlie glór amhail is go raibh sé ag aontú léi.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin d'imigh an carr ar ais suas an bóthar. Tamaillín ina dhiaidh sin arís shiúil Sharon suas an bóthar thar an glaí. Chonaic sí Éile istigh sa pháirc agus bheannaigh sí di. Rinne sí comhartha ansin ag iarraidh uirthi teacht anall chuici. Ní raibh Éile róshásta in aon chor. Bhí Sharon tar éis a rá léi go raibh sí ag fanacht siar chun obair a dhéanamh ar thionscadal OSSP agus go mbeadh síob á fáil aici ó mháthair cailín eile sa ghrúpa. Níorbh in mar a bhí, ba léir.

“Ná habair liom go bhfuil tú ag dul timpeall leis an simpleoir sin,” arsa Éile.

“Dheara, dún do chlab agus tar anseo,” a d'fhreagair Sharon.

Is ansin a thug Éile faoi deara go raibh marc deargchorcra ar mhuineál Sharon.

“Cogar, an rithfeá isteach go dtí mo sheomra agus an *concealer* a fháil dom?”

Bhí alltacht ar Éile.

“An raibh tusa ag pógadh an liúdramáin sin?”

D’fhreagair Sharon go tapaidh í.

“An bhfuil tú chun dul isteach nó an bhfuil tú chun fanacht ansin? Cén saghas deirféar tú in aon chor?”

Sin an abairt a rug ar Éile gach uile uair.

“Cén saghas deirféar tú in aon chor?”

D’imigh sí isteach agus d’aimsigh sí *concealer* Sharon. Ní bhfaigheadh sí é a chreidiúint fós go raibh Sharon ag imeacht le buachaill a bhí i bhfad níos sine ná í. Níos measa ná sin bhí an buachaill seo ag fágaint *hickies* gránna ar a muineál, agus bhí Sharon ag tabhairt cead dó! Thosaigh Éile ar an gcaint seo nuair a d’fhill sí ach ní bhfuair sí freagra ródheas.

“Tá tú imithe craiceálta. Tú féin is do chuid ainmhithe. Cén fáth nach dtéann tú amach agus buachaill éigin a fháil?” arsa Sharon ar ais léi.

Chas sí timpeall tar éis an *concealer* a chur uirthi agus dúirt: “Ná habair dada le Mam . . . bhí mise ag déanamh tionscadail, ok?”

Ghéill Éile agus bheartaigh sí go mbainfeadh sí triail as ciall a mhúineadh dá deirfiúr uair éigin eile.

Isteach sa chistin leo agus bhí Mam fós ina suí ar an gcathaoir. Bhí an dara cupán tae á ól aici faoin tráth seo. Shiúil Sharon isteach. Níor thug Mam faoi deara go raibh sí ann ar feadh cúpla nóiméad.

“Cá raibh tú, Sharon?” ar sise.

“Ag déanamh tionscadail.”

“Ó, go breá. Conas a d’éirigh leat?”

“Go hiontach,” arsa Sharon. “Ta an-chuid á fhoghlaim agam!” a dúirt sí agus í ag caochadh súile ar Éile.